Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14947/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0334 (NLE)

AELE 94
FL 53
ISL 62
N 94
MI 1066
ENER 697

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 586 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (staidreamh i dtaca le fuinneamh)

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2026
COM(2026) 586 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

(staidreamh i dtaca le fuinneamh)

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTCHINNEADH …/… Ó CHOMHCHOISTE LEE

Uimh.

an

lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) agus Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/1952, aisghairtear Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV agus XXI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Scriostar pointe 7 (Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE.

Airteagal 2

In ionad phointe 26 (Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear an méid seo a leanas:

'**32016 R 1952**: Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE (IO L 311, 17.11.2016, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 9(2), cuirfear isteach na focail ', nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, laistigh de thrí mhí ó theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. …/... ó Chomhchoiste LEE an ... [an Cinneadh seo]' i ndiaidh na bhfocal 'faoi mhí Lúnasa 2017'.

[1] IO L 311, 17.11.2016, lch. 1.
[2] IO L 298, 7.11.2008, lch. 9.

(b) Díolmhófar an Íoslainn agus an Iorua ó tharchur na sonraí a cheanglaítear in Iarscríbhinn I.

(c) Díolmhófar Lichtinstéin ó tharchur na sonraí praghais fuinnimh le haghaidh na mbandaí tomhaltais seo a leanas i gcás na gcustaiméirí neamhtheaghlaigh:

a. Le haghaidh leictreachais: IA, IB, ID, IE, IF agus IG.

b. Le haghaidh gás nádúrtha: I1, I2, I4 I5 agus I6.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1952 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán

The Secretaries
Chomhchoiste LEE

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]